


# An Ciste Carbóin

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS 2014



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH NOLLAIG 2014





Gnfhomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
National Treasury Management Agency

19 Meitheamh 2015

An tUas. Alan Kelly TD  
Aire Comhshaoil, Pobail  
agus Rialtais Áitiúil,  
Teach an Chustaim,  
Baile Átha Cliath 1

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 a chur faoi do bhráid.

Le dea mhéin

Willie Walsh  
Príomhfheidhmeannach





2014



## Clár na nÁbhar

Creat Dlíthiúil	3
Prótacal Kyoto agus spriocanna Maolaithe Gáis Cheaptha Teasa 2020	4
Oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto	5
An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto	6
Straitéis na hÉireann um Ghéilliúlacht le Prótacal Kyoto	8
Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann in 2008 - 2012	9
Maoiniú le haghaidh Ceannachán Creidmheasanna Carbóin	11
Infheistíochtaí na hÉireann	12
Tar éis Kyoto - Spriocanna um laghdú astaíochtaí tar éis 2012	13
Aguisín 1	15
Aguisín 2	16
Aguisín 3	19
Gluais na dTearmaí	20
Ráitis Airgeadais	22

# BUNAÍODH AN CISTE CARBÓIN I NDÁIL LE CEANNACHÁN CREIDMHEASANNA CARBÓIN CHUN FORLÍONADH A DHÉANAMH AR GHNÍOMH MAOLAITHE INTÍRE



## CREAT DLÍTHIÚIL

Baineann an tuarascáil seo le ceannachán aonad carbóin le haghaidh géilliúlacht na hÉireann lena tiomantas um laghdú astaíochtaí gáis cheaptha teasa i dtéimhse ghéilliúlachta Phrótacail Kyoto 2008-2012. Chun críocha an Phrótacail, thug Éire faoi theorainn a chur lena meánastaíochtaí bliantúla gáis cheaptha teasa i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana chuig uasmhéid 13 faoin gcéad níos airde ná leibhéal na n-astaíochtaí i 1990. Is ionann seo agus caidhp de chuid 62.8 Mt CO<sub>2e</sub> in aghaidh na bliana i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana.

Leagadh amach straitéis na hÉireann i ndáil leis an sprioc seo a bhaint amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 arna foilsíú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Rinneadh soláthar sa straitéis le haghaidh ceannachán creidmheasanna carbóin i leith laghduithe astaíochtaí a baineadh amach in áiteanna eile mar chúiteamh ar aon astaíochtaí in Éirinn atá sa bhreis ar a tiomantais Kyoto. Measadh ar dtús go mbeadh sé riachtanach don Rialtas creidmheasanna carbóin a cheannach chun 3.6 milliún tona réamh-mheasta d'astaíochtaí farasbair maidir le gach bliain den tréimhse 2008-2012 a chlúdach. I ndiaidh an mheatha thapa agus thromchúisigh ar dhálaí geilleagracha agus an ráta fáis níos ísle a rabhtas ag súil leis i ngeilleagar na hÉireann le linn na tréimhse seo, tá laghdú suntasach tagtha ar an riachtanas measta chun creidmheasanna a cheannach.

Faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007, bunaíodh Ciste Carbóin i ndáil le ceannachán creidmheasanna carbóin chun forlíonadh a dhéanamh ar ghníomh maolaithe intíre. Tarmligeadh bainistíocht an Chiste ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a ceapadh freisin mar an ngníomhaire ceannaigh i ndáil le gnóthú na gcreidmheasanna riachtanacha seo. Tagraítear do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 6 den Acht um an gCiste Carbóin, 2007: *“A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid na Gníomhaireachta [Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta], tabharfaidh an Gníomhaireacht tuarascáil don Aire [Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil] faoina gníomhaíochtaí i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá tarmlichte di faoin Acht seo le linn na bliana lena mbaineann agus cuirfi dh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”*

Tá an tuarascáil seo ar an ochtú tuarascáil chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Acht, agus clúdaíonn sí an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.



# PRÓTACAL KYOTO AGUS SPRIOCANNA MAOLAITHE GÁIS CHEAPTHA TEASA 2020



Ag comhdháil na Náisiún Aontaithe a tionóladh i Rio de Janeiro i 1992 aontaíodh Creat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide. De réir an Choinbhinsiúin, bhíodhas ag súil go mbeadh tíortha tionsclaithe ar thús cadhnaíochta maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa<sup>1</sup> a laghdú go leibhéil na bliana 1990. Glacadh leis an bPrótacal leis an gCreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide i 1997 ag Comhdháil Aeráide na Náisiún Aontaithe i Kyoto na Seapáine. Dhírigh Prótacal Kyoto, ar fearr aithne atá air go coitianta, i dtús báire ar an tréimhse 2008–2012. Is féidir teacht ar chróineolaíocht mhionsonraithe ar na forbairtí ag druidim le agus tar éis glacadh Phrótacal Kyoto i dTuarascáil an Chiste Carbóin 2012.<sup>2</sup>

<sup>1</sup> Is í Dé-ocsaíd Charbóin (CO<sub>2</sub>) an gás ceaptha teasa is coitianta agus úsáidtear tona CO<sub>2</sub> mar an aonad coitianta tomhais. Déantar astaíochtaí gáis cheaptha teasa eile a thomhas mar choibhéisí (CO<sub>2</sub>e)) i gcomhthéacs a bPoitéinsil Téimh Dhomhanda (GWP) thar thréimhse 100 bliain. De réir sainmhíne, tá GWP 1 ag CO<sub>2</sub>. Is é seo thíos liosta de na GWanna maidir leis na príomhchineálacha gáis i nDara Tuarascáil um Measúnú an IPCC:

	GWP-100
Dé-ocsaíd charbóin (CO <sub>2</sub> )	1
Methane (CH <sub>4</sub> )	21
Nitrous Oxide (N <sub>2</sub> O)	310
Hydrofluorocarbons (HFCs)	150 – 11,700
Perfluorocarbons (PFCs)	6,500 – 9,200
Sulphur Hexafluoride (SF <sub>6</sub> )	23,900

<sup>2</sup> Féach: [http://www.ntma.ie/publications/?wpfb\\_file\\_year=2013](http://www.ntma.ie/publications/?wpfb_file_year=2013)



## OIBLEAGÁIDÍ FAOI PHRÓTACAL KYOTO

Is í an ghné is suntasaí faoi Phrótacal Kyoto, i gcomparáid leis an gCreat-Choinbhinsiún bunaidh, ná cé gur spreag an Coinbhinsiún laghdú astaíochtaí gáis cheaptha teasa, tá spriocanna éigeantacha ag an bPrótacal chun na hastaíochtaí seo a laghdú i ngeilleagair cheannródaíocha an domhain. Tugtar tíortha larscríbhíne B<sup>3</sup> ar na príomhthíortha tionsclaithe agus ar thíortha an iar-bhloic Shóivéadaigh atá i mbun aistrithe go geilleagar margaidh. Bíonn na spriocanna sa réimse ó laghduithe 8 faoin gcéad go méaduithe 10 faoin gcéad ar leibhéil astaíochtaí na bliana 1990, agus í mar aidhm astaíochtaí foriomlána a laghdú 5 faoin gcéad faoi bhun leibhéal na bliana 1990. Is í tréimhse ghealltanais na laghduithe seo ná 2008-2012.

### Spriocanna Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Kyoto

Tír	príoc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéal na bliana 1990
AE-15 <sup>4</sup> , an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Monacó, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Eilvéis	-8%
SA <sup>5</sup>	-7%
Ceanada <sup>6</sup> , an Ungáir, an tSeapáin agus an Pholainn	-6%
An Chróit	-5%
An Nua-Shéalainn, Cónaidhm na Rúise agus an Úcráin	0
An Iorua	+1%
An Astráil	+8%
An Íoslainn	+10%

3 Is ionann tíortha larscríbhíne B agus na tíortha sin a liostaítear in larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto agus an 39 tír le gealltanais chainníochtaithe do theorannú nó laghdú astaíochtaí. Tá forlú áirithe i gceist, áfach, mar gur sínitheoir é an tAontas Eorpach (AE-15) féin, agus tá an 15 tír a bhí ina mBallstáit AE tráth an ama sin, Éire ina measc, liostaithe chomh maith. (Féach Aguisín 1 le haghaidh sonraí breise).

4 Chinn an AE-15 leas a bhaint as scéim faoi Phrótacal Kyoto ar a tugadh “bolgán”, ina mbíonn spriocanna aonair ag tíortha agus comhcheanglaítear iad chun sprioc fhoriomlán amháin a thabhairt don ghrúpa tíortha sin (Airteagal 4).

5 Níor dhaingnigh na SA Prótacal Kyoto. Dá bhrí sin, tá an sprioc seo neamhbhailí.

6 Níl sprioc Cheanada bailí níos mó, toisc gur tharraing sé amach ó Phrótacal Kyoto i mí na Nollag 2011.





# AN tAONTAS EORPACH AGUS PRÓTACAL KYOTO

Tá comhaontú inmheánach um chomhroinnt dualgas ag an AE-15 chun a sprioc maidir le laghdú astaíochtaí faoi 8 faoin gcéad a bhaint amach trí spriocanna éagsúla a leithdháileadh ar a Bhallstáit. Is I sprioc na hÉireann ná astaíochtaí nach mó ná 13 faoin gcéad os cionn leibhéil na bliana 1990 a bhaint amach. Is iad seo a leanas na sonraí le haghaidh an AE-15:

Tír	Sprioc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéil na bliana
An Ostair	-13%
An Bheilg	-7.5%
An Danmhairg	-21%
An Fhionlainn	0%
An Fhrainc	0%
An Ghearmáin	-21%
An Ghréig	25%
Éire	13%
An Iodáil	-6.5%
Lucsamburg	-28%
An Ísiltír	-6%
An Phortaingéil	27%
An Spáinn	15%
An tSualainn	4%
An Ríocht Aontaithe	-12.5%
AE-15	-8%

Chinn an AE-15, mar chuid lárnach dá bheartas aeráide, scéim uile-Eorpach “teorannaithe agus trádála astaíochtaí” a chruthú i dteannta a chéile do na mórúidair truaillithe – Scéim an Aontais Eorpaigh maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS). Faoin scéim, déantar astaíochtaí carbóin thart ar 11,000 suiteáil ar fud an AE a rialú. Tá os cionn 100 suiteáil Éireannach bainteach leis an scéim.

## Astaíochtaí AE

**AN EARNÁIL TRÁDÁLA**  
Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochta

46% d’astaíochtaí CO<sub>2</sub> an AE

- Suiteálacha dócháin >ionchur teirmeach 20MW
- Iarann agus cruach
- Scaglanna ola
- Stroighin, aol, gloine, ceirmeacht
- Laíon / páipéar

**AN EARNÁIL NEAMHTRÁDÁLA**

54% d’astaíochtaí CO<sub>2</sub> an AE

- Cónaitheach
- Iompar
- Talmhaíocht s.r.l.

Leagtar síos caidhpeanna sa scéim seo ar leibhéal na n-astaíochtaí le haghaidh suiteálacha aonair. Eisíodh lamháltais maidir le suiteálacha – Lamháltais Astaíochta (EUAanna) - lena dtugtar cead dóibh astú suas go dtí an leibhéal sin. Go dtí an méid gur astaigh suiteálacha níos mó ná a lamháltais go raibh gá creidmheasanna a cheannach dóibh. D’fhéadfadh iad siúd nár astaigh a gcuid lamháltas ar fad a mbarrachas a dhíol nó é a choinneáil lena úsáid níos déanaí. Don tréimhse 2008–2012, rinneadh leithdháiltí na lamháltas ar shuiteálacha ar bhonn tíre le tír laistigh de Phlean Leithdháileacháin foriomlán gach tíre. Ba é an leithdháileadh ar na hearnálacha ETS in Éirinn in 2008 – 2012 22.28 Mt CO<sub>2</sub> in aghaidh na bliana<sup>7</sup>.

<sup>7</sup> Sa tréimhse i ndiaidh 2012, déanfar leithdháileadh na lamháltas de réir earnála thar Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí agus ní bheidh aon phleananna leithdháileacháin náisiúnta ann. Cuireadh aerlínte san áireamh i Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí ón 1ú Eanáir 2012.



Cuireadh cuid de leithdháileadh an 22.28 Mt CO<sub>2</sub> d'Earnálacha an ETS sa tréimhse 2008 go 2012 i leataobh dóibh siúd a thug aghaidh ar thionscal cumhdaithe ag an EU ETS i rith na tréimhse 2008-2013, ionas nach mbeidís á gcur faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid leo siúd sa scéim cheana féin, a leithdháileadh aonaid ina leith (Cúlchiste Iontrálaithe Nua). A fhairsinge nach mbaintear úsáid as na lamháltais iontrálaí nua seo, téann siad ar ais chuig an Stát. Mar an gcéanna, dá ndúnfaí gnóthas, chuirfí a lamháltais ar ais ar dtús chuig an gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua (NER) agus chuig an Stát ar deireadh. Ag cur san áireamh an moilliú ar an ngeilleagar in Éirinn níor bainneann leas iomlán as na haonaid a cuireadh ar leataobh do na hiontrálaithe nua agus cruthóidh siad cineál foinsé breise d'aonaid charbóin a bheidh ar fáil chun críocha comhlíontachta don Stát<sup>8</sup>. Tá sé measta go mbeidh 6.55 milliún tona CO<sub>2e</sub> go hiomlán i gceist leis thar thréimhse cúig bliana Kyoto.<sup>9</sup>

Déantar comparáid sa tábla thíos idir leithdháilte iarbhir ar shuiteálacha le linn 2008-2014 agus astaíochtaí fíoraithe sa tréimhse chéanna. Léiríodh an leibhéal astaíochtaí ní ba lú ná mar a bhíodhas ag súil leis déine an mhoillithe ar an ngeilleagar mar aon le hiarmhairt an bheartais inar díriodh ar dhul ar an bhfód athnuaiteán agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Faoi mar a luadh thuas coinníonn na gnóthais dár tugadh an chéad leithdháileadh saor an barrachas seo. Cuireadh deireadh le leithdháileadh saor na lamháltas (EUAnna) don earnáil giniúna cumhachta, ina dtarlaíonn formhór astaíochtaí ETS na hÉireann, ag deireadh 2012.

### Astaíochtaí san Earnáil Trádála<sup>10</sup>

	Leithdháiltí	Astaíochtaí Fíoraithe
Mt CO <sub>2</sub>		
2008	19.97	20.38
2009	20.03	17.22
2010	20.96	17.36
2011	21.58	15.77
2012	21.75	16.89
2013	5.22	15.68
2014	4.68	15.95



<sup>8</sup> Ba cheart a thabhairt faoi deara gur EUAnna iad na lamháltais sa Chúlchiste Iontrálaithe Nua (NER), a gcruthaítear as lamháltais bhunúsacha AAUanna an Stáit. Le haghaidh a thuilleadh sonraí ar na cineálacha éagsúla aonad carbóin déan tagairt le do thoil do Ghluais na dTearmaí.

<sup>9</sup> Fonóta le tábla 1 [http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG\\_1990-2012\\_April\\_2014.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG_1990-2012_April_2014.pdf)

<sup>10</sup> <http://epa.ie/newsandevents/news/name,56521,en.html>



# STRAITÉIS NA HÉIREANN UM GHÉILLIÚLACHT LE PRÓTACAL KYOTO

Leagadh amach straitéis na hÉireann chun a sprioc Kyoto um astaíochtaí gás cheaptha teasa a laghdú a bhaint amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012, a foilsíodh in Aibreán 2007.<sup>11</sup>

Is í sprioc na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto ná teorainn a chur le meán-astaíochtaí bliantúla sa tréimhse 2008-2012 go 13 faoin gcéad os cionn an mheastacháin bhonnlíne de 55.60 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub>.<sup>12</sup> Dá réir sin, is ionann teorainn iomlán astaíochtaí na hÉireann don tréimhse 2008–2012 agus 314.184 milliún tona, nó 62.837 milliún tona ar an meán in aghaidh na bliana. Ag an am bhí sé measta go laghdófaí thart ar 8 milliún tona astaíocht in aghaidh na bliana le bearta a bhí déanta cheana. Mar sin féin, in easnamh beartas agus beart breise, tuaradh go sáródh Éire a hoibleagáidí Kyoto le 8.4 milliún tona astaíocht ar an meán in aghaidh na bliana.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na bearta a mbainfear úsáid astu chun sprioc Kyoto na hÉireann, atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012, a bhaint amach:<sup>13</sup>

## Meán Bliantúil, 2008-2012 (Milliún Tona de choibhéis CO<sub>2</sub>)

<b>Sprioc Kyoto</b>	<b>62.8</b>
Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Réamh-mheasta i ndiaidh éifeachtaí na mbearta a glacadh cheana.	71.2
Fad go Sprioc Kyoto	8.4
<b>Bearta breise le Sprioc Kyoto a bhaint amach</b>	
(1) Laghdú astaíochtaí ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	0.9
(b) Earnáil neamhthrádála an gheilleagair (lena n-áirítear bearta breise)	1.9
(2) Ceannach lamháltas agus creidmheasanna (nó laghduithe eile) ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	2.0
(b) An Rialtas	3.6
	<b>8.4</b>

Ceapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar ghníomhaire ceannaigh don Stát i ngnóthú na gcreidmheasanna riachtanacha de 3.6 milliún tona d’astaíochtaí gás cheaptha teasa ar an meán maidir le gach bliain den tréimhse 2008–2012, a ceannaíodh faoi Mheicníochtaí Solúbtha<sup>14</sup> Phrótacal Kyoto.<sup>15</sup> Measadh go raibh creidmheasanna de 18 milliún tona san iomlán ag teastáil don tréimhse sin.

Leis an athrú ar imthoisic eacnamaíoch na hÉireann, iarradh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2009 anailís íogaireachta a chur i bhfeidhm a d’fhéadfadh léiriú níos fearr a thabhairt ar an staid eacnamaíoch athraithe. Bhain an anailís seo, a foilsíodh i Márta 2009<sup>16</sup>, de thátal as, “trí an Anailís Suaite Eacnamaíoch a chur i bhfeidhm sa chás le bearta breise, (atá ar an gcás laghdaithe is uailmhianaí), go laghdódh riachtanas ceannaigh an Rialtais (nó an gá atá le bearta agus beartais intíre breise) go 1.3-1.8 Mtona de CO<sub>2e</sub> in aghaidh na bliana le haghaidh gach ceann de na cúig bliana 2008- 2012 i gcomparáid leis an 3.6 Mtona in aghaidh na bliana a réamh-mheastar sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide”. I bhfi anaise na meastachán athraitheach ar riachtanas an Rialtais creidmheasanna carbóin a cheannach, beartaíodh i mí Feabhra 2009 deireadh a chur le ceannachán creidmheasanna carbóin go fóill.

Tá an chéad tréimhse gealltanais faoi Phrótacal Kyoto (2008-2012) le tabhairt chun críche go fóill. Táthar ag súil go gcuirtear é sin i gcrích le linn 2015<sup>17</sup>, i ndiaidh dheireadh foirmiúil phróiseas cuntasáíochta na tréimhse gealltanais don Phrótacal. I ndiaidh sin, tosódh an tréimhse “fhíoraithe suas”, ina mbeidh ceangal ar Éirinn líon riachtanach na n-aonad a aistarraingt.

Bunaithe ar na sonraí maidir le fardal gás cheaptha teasa arna bhfoilsíú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil<sup>18</sup> go dtí seo, is cosúil go mbeidh thart ar 2.06 Mt CO<sub>2e</sub> aonad sa phunann ag taisteal chun críche comhlíontachta sa tréimhse gealltanais 2008-2012<sup>19</sup>.

11 Le haghaidh sonraí, féach ar an tuarascáil iomlán arna foilsíú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus atá ar fáil ar líne ag <http://www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/ClimateChange/NationalClimateChangeStrategy/PublicationsDocuments/FileDownload,1861,en.pdf>

12 Ríomhtar meastachán bonnlíne na hÉireann mar shuim na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin, meatáin agus ocsaíde nítríúla i 1990 mar aon le gás fhluairínithe i 1995 [Foinse: Preasráiteas de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 15 Eanáir 2008].

13 Foinse: Plean Náisiúnta Leithdháilte na hÉireann maidir le Trádáil Astaíochtaí 2008-2012, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 4 Márta 2008.

14 Le haghaidh sonraí ar na Meicníochtaí Solúbtha as a eascraíonn Aonaid Charbóin ar féidir a cheannach le haghaidh géilliúlachta le hoibleagáidí tíre féach le do thoil Aguisín 3 agus Tuarascálacha Carbóin roimhe seo.

15 Féach larscríbhinn 3 den Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 in Aguisín 2

16 Féach: <http://www.epa.ie/news/pr/2009/march/name,25767,en.html>

17 Táthar ag súil faoi láthair go mbeidh an tréimhse fhíoraithe suas ann idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2015 agus ní bheidh níos mó moilleanna léi.

18 Foinse : CCC – Astaíochtaí Gás Cheaptha Teasa Sealadacha na hÉireann in 2013 <http://epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHGprov.pdf>

19 Is féidir an tuarascáil deiridh leis na sonraí a úsáidfear sa tuarascáil fhíoraithe suas ar fáil ar <http://unfccc.int/resource/docs/2015/arr/irl.pdf>




# ASTAÍOCHTAÍ GÁIS CHEAPHA TEASA NA HÉIREANN IN 2008 - 2012<sup>20</sup>

Meastar go mbeidh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa i dtréimhse Kyoto (2008-2012) ionann agus 308.51 Mt CO<sub>2e</sub>.

Taispeántar na treochtaí in astaíochtaí i ngach eanáil ó bhí 1990 ann sa chairt thíos.

## Treochtaí in Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa 1990 - 2012<sup>21</sup>



Tá astaíochtaí iomlána náisiúnta na hÉireann do 2012 i bhfad faoi bhun teorainn na hÉireann faoi Phrótagal Kyoto de 62.84 Mt CO<sub>2e</sub>. Caithfear a choinneáil i gcuimhne, áfach, go bhfanann aon fharasbarr i measc comhaltáí an EU ETS i seilbh na gcomhaltáí sin. Baineann an Ciste Carbóin leis na hearnálacha neamh-ETS agus dá réir sin is ionann an sprioc ábhartha agus an sprioc fhoriomlán lúide an leithdháileadh 22.28 Mt CO<sub>2e</sub> leis an EU ETS<sup>22</sup> (62.84 - 22.28 = 40.56 Mt CO<sub>2e</sub>). B'ionann astaíochtaí neamh-ETS na hÉireann in 2011 agus 41.68 Mt CO<sub>2e</sub>, ag fágáil bearna chuig an sprioc 1.12 Mt CO<sub>2e</sub>.<sup>23</sup>

20 Tá meastachán gás ceaptha teasa faoi réir athbhreithniú seasta ag an GCC sa timhrial tuairiscithe bliantúil chun treoir mhodheolaíoch úr, toradh taighde náisiúnta, faisnéis athbhreithnithe ar úsáid fuinnimh agus sonraí feabhsaithe ó earnálacha eile a chur san áireamh.

21 Foinse : GCC - Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2012 leathanach 5

22 Mar a luadh thuas (leathanach 7) d'fhéadfadh sé, áfach, go gcuirfí roinnt aonad ar ais chuig an Stát ó leithdháileadh na "nIontrálaithe Nua" i Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochta.

23 Féach tábla 1 leathanach 7 d'athphost GCC : Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2012 [http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG\\_1990-2012\\_Aibreán\\_2014.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG_1990-2012_Aibreán_2014.pdf)



Rinne an GCC meastachán ar an toradh deiridh d'Éirinn i dtaca le tréimhse bhunúsach Kyoto mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas<sup>24</sup>.

## MEASTACHÁN AR AN BHFAD GO DTÍ TEORAINN KYOTO DON TRÉIMHSE CÚIG BLIANA 2008-2012

	MT CO <sub>2eq</sub>					
	2008	2009	2010	2011	2012	2008-2012
Astaíochtaí Náisiúnta Iomlán	68.02	62.31	61.89	57.75	58.53	308.51
Astaíochtaí ar Lú Fhíoraithe do ETS	20.38	17.22	17.36	15.77	16.85	87.58
Astaíochtaí Neamh-ETS Iomlán	47.64	45.09	44.53	41.98	41.68	200.93
Teorainn Kyoto	62.84	62.84	62.84	62.84	62.84	314.19
Lúide Leithdháileadh ETS	22.28	22.28	22.28	22.28	22.28	111.40
Teorainn Neamh-ETS Iomlán	40.56	40.56	40.56	40.56	40.56	202.79
Fad that teorainn Kyoto tar éis cúig bliana de thréimhse Phrótacal Kyoto (gan linnte foraoise san áireamh)	7.08	4.54	3.98	1.42	1.12	18.14
Linnte Foraise	-2.72	-3.09	-3.42	-3.38	-3.47	-16.08
<b>Fad thar teorainn Kyoto tar éis cúig bliana de thréimhse Phrótacal Kyoto (linnte foraoise san áireamh)</b>	<b>4.36</b>	<b>1.44</b>	<b>0.56</b>	<b>-1.96</b>	<b>-2.35</b>	<b>2.06</b>

Nuair a áirítear tionchar na linnte foraoise, tá an fad chuig sprioc d'Éirinn (neamh-ETS) i gcaitheamh na tréimhse trí chéile measta ag 2.06 Mt CO<sub>2e</sub><sup>25</sup>.

Tá astaíochtaí 2013<sup>26</sup> measta ag 57.81 Mt CO<sub>2e</sub>, ar ionann é sin agus laghdú ar leibhéal 2012. Tháinig laghdú 7.2% ar astaíochtaí na hearnála ETS agus tháinig méadú 1.9% ar astaíochtaí neamh-ETS. Is é an talmhaíocht is mó a chuireann leis na hastaíochtaí iomlána fós, agus cuireann Fuinneamh agus Iompar go mór leo fosta. Féach Ich. 13 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi spriocanna astaíochtaí iar-Kyoto, a bhaineann leis an tréimhse ó 2013 i leith.

24 Foinse: GCC – Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2012 leathanach 7 Tabhair faoi deara nach bhfuil na fíoracha le haghaidh leithdháileadh ETS coigeartaithe do leithdháileadh an Chúlchiste Úir (féach leathanach 6)

25 Don Chéad Tréimhse Gealltanais 2008-2012, cinneadh na fardail trí leas a bhaint as comhcheangal na GWPanna agus rialacha modheolaíocha ó Dhara Tuarascáil um Measúnú an IPCC (1996) agus Treoirínte an IPCC 1996 maidir le forbairt fardal (sa chás nach raibh anailís a bhaineann go sonrach le tír ar fáil).

Don Dara Tréimhse Gealltanais 2013-2020 ghlac Creat-Choinbhinsiún na Naisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide treoirínte athbhreithnithe (Treoirínte um Fhardail Náisiúnta maidir le Gás Ceaptha Teasa 2006 agus athbhreithnithe/forlíontacha leo sin) agus luachanna GWP cothrom le dáta arna soláthar i 4ú Tuarascáil um Measúnú an IPCC (2007). Comhaontaíodh rialacha tuairiscithe úra chomh maith. Dá réir sin, measfar fardail astaíochtaí ag baint leas as an gcomhcheangal úr seo ó 2013 i leith .i. an Ceathrú tuarascáil um measúnú, luachanna GWP agus Treoirínte an IPCC 2006 srl. (sa chás nach bhfuil anailís a bhaineann go sonrach le trí ar fáil)

Dá bhrí sin, cé go ndearnadh astaíochtaí stairiúla a athríomh agus go bhféadfadh an chuma a bheith ann go n-athraíonn sé seo an fad chuig an sprioc do na blianta 2008-2012, níl impleacht ar bith ag an athríomh seo maidir le Chéad Tréimhse Gealltanais an KP. Ní húsáidtear na fíoracha úra ach chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáid maidir leis an Dara Tréimhse Gealltanais 2013-2020.



---

# MAOINIÚ LE hAGHAIDH CEANNACHÁN CREIDMHEASANNA CARBÓIN

---

Soláthraíonn an Lárchiste maoiniú don Chiste Carbóin do cheannachán creidmheasanna carbóin. Déanfar soláthar i Vóta Bliantúil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil aisíocaíocht a dhéanamh leis an Lárchiste.

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013 chuir an Rialtas €270 milliún i leataobh do cheannachán creidmheasanna carbóin i rith tréimhse thiomantais Kyoto 2008–2012. Áirítear é seo sa bhreis ar infheistíocht tosaigh de chuid €20 milliún in 2006.

## INFHEISTÍOCHTAÍ NA hÉIREANN

Tá infheistíochtaí déanta ag an Rialtas i dtí chiste iltaobhacha a dhéanann infheistíochta i dtionscadail d'fhonn laghdúithe um astaíochtaí carbóin a bhaint amach. Rinneadh an chéad infheistíocht de €20 milliún i mí na Nollag 2006<sup>27</sup> sa **Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF)**<sup>28</sup> de chuid an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD). Rinneadh dhá thiomantas breise de chuid €10 milliún agus \$12.88 milliún le **Ciste Carbóin an Bhainc Dhomhanda don Eoraip** agus **Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda** faoi seach i mí Eanáir 2007. Ar aon dul lena cinneadh an clár um cheannachán carbóin a chur ar fi onraí i mí Feabhra 2009, tá idirbheartaíocht déanta ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar laghdú sa tiomantas chuig dá chiste an Bhainc Dhomhanda; laghdú ó €10m go €4.26m i gcás an Chiste Carbóin don Eoraip agus laghdú ó \$12.88m go \$10.08m i gcás an Chiste Bithcharbóin.

Bhunaigh an EBRD, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), an Ciste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF) i mí na Bealtaine 2006. Is é atá mar aidhm leis an gciste ná “tionscadail fóiríochta um choigilt fuinnimh a chur chun cinn sna tíortha feidhme EBRD agus ag an am céanna cabhrú leis na tíortha sin agus

le cuideachtaí corparáideacha ag ceannach creidmheasanna carbóin d'fhonn freastal ar a gcuid spriocanna laghdúithe astaíochtaí”.<sup>29</sup> Tá tionscadail lonnaithe i suas le 30 tír EBRD i Lár agus in Oirthear na hEorpa agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách.<sup>30</sup> Íocadh an €20 milliún iomlán a tiomnaíodh leis an ERDB, ach rinneadh €4.7 milliún de na cistí sin a aisíoc ina dhiaidh sin. Úsáidtear an mheicníocht sholúbtha JI agus CDM araon arna mbunú faoi Phrótaocal Kyoto sa chiste.

Tá an Ciste Carbóin don Eoraip á bhainistiú i gcomhpháirt ag an mBanc Domhanda agus ag an BEI, agus seoladh an ciste seo i Márta 2007. Faigheann an ciste seo, atá dírithe ar infheistíochtaí a fháil ó Bhallstáit an AE, creidmheasanna laghdaithe gáis cheaptha teasa thar ceann na rannpháirtithe ag úsáid saineolas agus taithí an Bhainc Dhomhanda agus píblíne mhór tionscadail an BEI i dtíortha i mbéal forbartha. Is iad na cúig rannpháirtithe sa chiste ná Éire, Lucsamburg, an Phortaingéil, Réigiún Pléimeannach na Beilge agus Statkraft Carbon Invest AS (An Iorua). As an €5.26 milliún a gealladh leis an gCiste seo, táthar tar éis €4.1 milliún a íoc sa tréimhse ó thráth a sheolta go 31 Nollaig 2014.

27 Tharla sé seo sular bunaíodh Ciste Carbóin na hÉireann de bhua an Achta um an gCiste Carbóin 2007. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as an infheistíocht a riaradh.

28 Tá an Banc Eorpach Infheistíochta i gcomhpháirtíocht leis an EBRD chun an MCCF a bhainistiú; is leis an EBRD amháin atá comhaontú na hÉireann.

29 Ráiteas de chuid Uachtaráin EBRD Jean Lemierre ag seoladh an Chiste, 22 Bealtaine 2006.

30 Is é Comhlathas na Stát Neamhspleách an eagraíocht idirnáisiúnta ina gcuimsítear aon iarpoblacht déag na Sóivéide: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Chasacstáin, an Chirgeastáin, an Mholdóiv, an Rúis, an Táidsíceastáin, an Úcráin agus an Úisbéiceastáin.



## INFHEISTÍOCHTAÍ NA HÉIREANN (ar lean)

Is ciste de chuid an Bhainc Dhomhanda é an Ciste Bithcharbóin a bhfuil sé mar aidhm leis laghdúithe astaíochtaí a bhaint amach agus ag an am céanna bithéagsúlacht, caomhnú agus maolú bochtaineachta a chur chun cinn. Seo a leanas aidhmeanna an Chiste:

- a) acmhainní a sholáthar do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo
  - (i) laghdúithe astaíochta a ghiniúint, agus
  - (ii) léargas a thabhairt ar an tslí a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí talamhúsáide agus foraoiseachta buntáistí breise a chruthú ar féidir a thomhas, a mhonatóiriú agus a dheimhniú, agus cur le forbairt inbhuanaithe na dtíortha áíochta;
- b) iarracht a dhéanamh roinnt chothrom a chinntiú idir na rannpháirtithe agus na tíortha áíochta d'aon bhuntáistí, lena n-áirítear aon laghdúithe ar astaíochtaí, a eascraíonn ó na tionscadail; agus
- c) an t-eolas a bhailítear i rith fhorbairt an Chiste agus forfheidhmiú na dtionscadal a scaipeadh.

Tá Éire tiomanta US \$10.08 milliún (€70.43m) a infheistiú sa dara tráinse den Chiste Bithcharbóin a thosaigh i mbun feidhme i Márta 2007. Tá tionscadail sa phunann reatha i dtíortha ar nós an Bhrasaíl, an tSile, an tSín, an India, an Mholdóiv agus an Congó<sup>31</sup>.

Tá na hinfheistíochtaí sna trí chistí iltaobhacha tar éis 3,099,020 creidmheas carbóin a ghiniúint go deireadh 2014.

In 2008 chuir GBCN tús lena aonaid charbóin a cheannach. Cinneadh CERanna a cheannach toisc go raibh an margadh sna haonaid sin ar an gceann ba fhorbartha agus ba thrédhearcaí. Tugadh mionsonraí maidir le ceannacháin 4.355 milliún aonad carbóin in 2008 i dTuarascáil an Chiste Carbóin 2008. I dtús 2009 ceannaíodh 0.9 milliún aonad carbóin eile. I bhfianaise an mhoillithe ar gheilleagar na hÉireann agus measúnú leasaithe ina dhiaidh sin ar an ngá d'Éirinn creidmheasanna carbóin a cheannach, cinneadh gan níos mó creidmheasanna a cheannach i láthair na huair. As a consequence there have been no purchases of carbon credits since early February 2009. Ar an iomlán, rinne Éire conradh le 21 trádáil chun 5.255 milliún CER a cheannach ar mheánphraghas €14.03 (gan CBL san áireamh).

Mar thoradh ar chinneadh de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí Feabhra 2009, tá an clár um cheannachán carbóin fós ar fi onraí. Cé nach bhfuil a thuilleadh trádála déanta ag GBCN, tá cúnaimh tugtha ag an nGníomhaireacht don Roinn i ndáil leis na íocaíochtaí gan íoc ar infheistíochtaí an Stáit i gcistí iltaobhacha an Bhainc Dhomhanda a phróiseáil. Tá na híocaíochtaí gan íoc á bpróiseáil tríd an gCiste Carbóin.

Is ábhar é don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil bainistíocht a dhéanamh ar phunann na gcarbón ceannaithe. Níl an méid a bheidh na haonaid a cheannaigh an Stát trí infheistíocht a dhéanamh sna cistí iltaobhacha agus na haonaid a cheannaigh an GBCN de dhíth le haghaidh géilliúlachta sa chéad tréimhse gealltanais faoi Phrótacal Kyoto (2008-2012) tugtha chun críche go fóill. Sa chás nach mbeidh na haonaid uile de dhíth i ndiaidh thréimhse "fíoraithe suas" phróiseas cuntasaíochta an Phrótacail, is í an tosaíocht a bheidh ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a húsáid le haghaidh géilliúlachta sa tréimhse i ndiaidh 2012 a uasmhéadú.



<sup>31</sup> Le haghaidh a thuilleadh sonraí féach <http://wbcarbonfinance.org/Router.cfm?Page=BioCF&FID=9708&ItemID=9708&ft=ProjectsT2>

# TAR ÉIS KYOTO: SPRIOCANNA UM LAGHDÚ ASTAÍOCHTAÍ GO 2020

Le linn 2014, leanadh le hiarrachtaí ar chomhaontú a aimsiú i dtaca le comharba do Phrótacal Kyoto. Tar éis Comhdháil na bPáirtithe (COP)18 in Doha, Catar i mí na Nollag 2012 glacadh “Leasú Doha le Prótacal Kyoto [Doha Amendment to the Kyoto Protocol]”. Áirítear sa leasú úd tiomantais nua don dara tréimhse (2013-2020) agus liosta athcheartaithe na nGásanna Ceaptha Teasa le tuairisciú. Thug na páirtithe faoi astaíochtaí GCT a laghdú ar a laghad 18 faoin gcéad faoi bhun leibhéal na bliana 1990 sa tréimhse ocht mbliana ó 2013 go 2020; mar sin féin, tá comhdhéanamh na bPáirtithe sa dara tréimhse tiomantais difriúil ón gcéad tréimhse. Bhí an leasú faoi réir ghlacachta na bPáirtithe le Prótacal Kyoto agus tar éis don Afganastáin teacht isteach mar Pháirtí nua le Prótacal Kyoto, is é 144 líon iomlán na n-ionstraimí glacachta a n-éilítear le haghaidh teacht i bhfeidhm an leasaithe. Go dtí seo níl líon leordhóthanach ionstraimí glacachta feicthe agus dá réir sin níl an Leasú tagtha i bhfeidhm go fóill. Soláthroidh an Íoslainn<sup>32</sup> mar aon leis an AE agus a Bhallstáit a gcuid ionstraimí glacachta i dteannta a chéile a luaithe atá a nósanna imeachta daingnithe náisiúnta curtha i gcrích ag na Ballstáit ar fad.

Tionóladh an COP20 in Lima, Peiriú i mí na Nollag 2014, agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn i dtreo comhaontú aeráide uilechoiteann a chomhaontú ag deireadh 2015, a chuirfear i bhfeidhm ó 2020 i leith

Bhí ceannaireacht láidir léirithe ag an AE cheana féin sa fhreagra domhanda ar an athrú aeráide trí sprioc maolaithe gáis cheaptha teasa 2020 aontaobhach a ghlacadh mar chuid de chiseán beart reachtaíochta, a bhfuil aithne air mar an Pacáiste um Fhuinneamh agus an Aeráid. Mar chuid den phacáiste, a glacadh i mí na Nollag 2008, leagadh spriocanna ceangailteacha ar Éirinn chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa neamh-ETS<sup>33</sup> a laghdú faoi 20% coibhneasta le leibhéal na bliana 2005 sa tréimhse go 2020.

I mí an Mhárta 2013 d’fhaomh Parlaimint na hEorpa dhá dhlí nua chun feabhas a chur ar rialacha an AE i ndáil le monatóireacht agus tuairisciú

na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa, lena n-áirítear iad siúd ó fhoraoiseacht agus ó thalmhaíocht. Bunaítear rialacha comhchoiteanna leis seo maidir le cuntas a thabhairt ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (CCT) agus baint carbóin ón atmaisféar a tharlaíonn de bharr gníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF). Léiríonn an cinneadh an chéad chéim i dtreo ghné foraoiseachta agus úsáid talún na hearnála talmhaíochta, na mórearnálacha deireanacha nach mbaíneann na rialacha comhchoiteanna AE maidir le CCT leo, a chorprú isteach i mbeartas aeráide an AE.

Measann an GCC ina foilseachán dar teideal “Réamhmheastacháin ar Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 2010-2020” [Ireland’s Greenhouse Gas Emission Projections 2013-2030<sup>34</sup> go sáróidh Éire a teorainn cheangailteach bliantúil in 2016-2017 agus go sárófar a cuid oibleagáidí ar bhonn carnach i gcaitheamh na tréimhse 2013-2020 faoi 1.2 – 17.3 Mt CO<sub>2</sub>e. Tagann na líonta sin as dhá chás. Ní glacann “na bearta” le bearta beartais breise ar bith thar na cinn atá i bhfeidhm cheana ag deireadh 2012. Glacann “na bearta breise” leis go bhfuil na spriocanna uile i ndoiciméid agus i bpleananna Beartais an Rialtais comhlíonta. Tugann an GCC chun suntais “nár cheart na deacrachtaí a bhaineann leis na spriocanna sin a bhaint amach, áfach, a mheas faoina bhonn<sup>35</sup>”



32 Tá an Íoslainn á cur le bolgán an AE chun críche géilliúlachta maidir le Prótacal Kyoto CP2. Féach fonóta 8 le hIarscríbhinn leasaithe B de Phrótacal Kyoto <https://treaties.un.org/doc/Treaties/2012/12/20121217%2011-40%20AM/CN.718.2012.pdf>

33 Féach leathanach 5 chun míniú a fháil ar earnálacha ETS agus neamh-ETS.

34 Féach: <http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/irelandsghemissions2013-2030.html>

35 Foinshe: Réamh-mheastacháin ar Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 2013-2030 [Ireland’s Greenhouse Gas Emission Projections 2013-2030] Leathanach 3 <http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/irelandsghemissions2013-2030.htm>



## RAON NA GÉILLIÚLACHTA/NEAMH-GHÉILLIÚLACHTA BLIANTÚLA BUNAITHE AR RÉAMHMHEASTACHÁIN LE BEARTA AGUS LE BEARTA BREISE <sup>36</sup>

Mtona CO <sub>2eq</sub>	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	Total
<b>Comhlíonadh/neamhchomhlíonadh bliantúil</b>									
<b>Teorainn Bhliantúil</b>	44.8	43.7	42.6	41.6	40.5	39.4	38.3	37.2	
<b>Le Bearta*</b>	-2.9	-2.2	-0.4	1.2	2.9	4.6	6.2	7.9	<b>17.3</b>
<b>Le Bearta Breise*</b>	-3.9	-3.3	-1.8	-0.6	0.8	2.1	3.4	4.6	<b>1.2</b>

\*Cuireann comhartha diúltach in iúl go bhfuil astaíochtaí faoin teorainn bhliantúil ceadaithe

Réamh-mheastar go mbeidh iompar agus talmhaíocht ar na príomhrannchuiditheoirí sna hearnálacha neamh-ETS. Meastar go méadóidh astaíochtaí Talmhaíochta faoi 9% agus meastar go méadóidh astaíochtaí Iompair faoi 15-23% i gcaitheamh na tréimhse. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-eisíann na tuartha astaíochtaí aon sochar ó linnte foraoise i gcomhréir le rialacha cuntasáochta AE a éilíonn nach féidir úsáid a bhaint astu le haghaidh géilliúlachta i dtreo spriocanna na bliana 2020.<sup>37</sup>

Tá an clár oibre maolaithe gáis cheaptha teasa dúshlánaí a thabharfaidh Éire aghaidh uirthi sa tréimhse go 2020 agus lastall mar chuid lárnach den Chlár um Beartas agus Reachtaíocht Náisiúnta ar an Athrú Aeráide a Fhorbairt [Programme for the Development of National Climate Policy and Legislation]<sup>38</sup> arna fhógairt ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí Eanáir 2012. Shroich an clár seo buaic le gaird i bhfoilsíú an Bhille um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (a bhfuil plé á dhéanamh air faoi láthair san Oireachtas) le chéile leis an Ráiteas Náisiúnta Beartais ina dtugtar achoimre ar an bhfís fhadtéarmach lena dtacóidh an reachtaíocht. Ag tabhairt aird ar an mbéim sa chlár ar aistriú go todhchaí le hísealcharbón, táthar ag súil go dtabharfar aghaidh sa toradh ar an

gceist maidir le húsáid a bhaint as creidmheasanna a ghintear trí mheicníochtaí solúbtha Phrótocal Kyoto chun gníomh maolaithe intíre a chomhlánú. Tá mionsonraí suntasacha ar fáil i Séú Cumarsáid Náisiúnta na hÉireann faoi Chreat-Choibhinsíú na Náisiúin Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide<sup>39</sup> a cuireadh isteach chuig na Náisiúin Aontaithe an 7 Márta 2014 maidir leis na pleananna atá déanta chun spriocanna astaíochtaí 2020 a bhaint amach.

I mí Dheireadh Fómhair 2014 chomhaontaigh Cinn Stáit an AE an creat leathan spriocanna astaíochtaí ón tréimhse 2021 go 2030. Is é laghdú 40% astaíochtaí an sprioc fhoriomlán i gcomparáid le 1990. Cuirfear sprioc um laghdú 43% d'astaíochtaí sna GCC le laghdú 30% in eamálacha neamh-GCC (an dá cheann i gcomparáid le 2005) d'fhonn an sprioc fhoriomlán a chomhlíonadh. Tá spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 le comhaontú go fóill ach táthar ag súil go dtiocfaidh togra ón gCoimisiún Eorpach i dtús 2016. Áirítear sna conclúidí a chomhaontaigh na Cinn Stáit tagairt thábhachtach do cheapadh (ó ghníomhaíochtaí foraoiseachta agus ó ghníomhaíochtaí eile talún) a chuimsiú sa chreat cuntasáochta cé go gcaithfear sonraí beachta a chuimsithe a chomhaontú in 2016 chomh maith.

36 Foinse: Réamh-mheastacháin ar Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 2013-2030 [Ireland's Greenhouse Gas Emission Projections 2013-2030] Tábla 1 Leathanach 3: <http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/irelandsgheissions2013-2030.html>.

37 Ionsún foraoisí CO<sub>2</sub> agus dá bhí sin má mhéadaítear foraoiseacht laghdofar an glanmhéid carbóin a astaítear isteach san atmaisféar. Bhí díospóireacht shuntasach ann, áfach, maidir le buaine na laghduithe a ghintear. Comhaontaíodh corpas suntasach rialacha idirnáisiúnta i gcomhthéacs Dhara Tréimhse Gealltanais Phrótocal Kyoto ag an COP17 in Durban

38 Féach: <http://www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/News/MainBody,29241,en.htm>

39 Féach: [http://unfccc.int/national\\_reports/annex\\_i\\_natcom/submitted\\_natcom/items/7742.php](http://unfccc.int/national_reports/annex_i_natcom/submitted_natcom/items/7742.php)

# AGUISÍN 1

## TÍORTHA IARSCRÍBHINN B DE CHUID PHRÓTACAL KYOTO

Páirtí	Tiomantas i leith laghdú astaíochtaí nó teorannú astaíochtaí cainníochtaithe, arna léiriú mar chéatadán astaíochtaí sa bhonnbhliain 1990
An Astráil	108
An Ostair <sup>+</sup>	92
An Bheilg <sup>+</sup>	92
An Bhulgáir*	92
Ceanada (níl bainteach)	94
An Chróit*	95
Poblacht na Seice*	92
An Danmhairg <sup>+</sup>	92
An Eastóin*	92
An tAontas Eorpach (AE-15)	92
An Fhionlainn <sup>+</sup>	92
An Fhrainc <sup>+</sup>	92
An Ghearmáin <sup>+</sup>	92
An Ghréig <sup>+</sup>	92
An Ungáir*	94
An Íoslainn	110
Éire <sup>+</sup>	92
An Iodáil <sup>+</sup>	92
An tSeapáin	94
An Laitvia*	92
Lichtinstéin	92
An Liotuáin*	92
Lucsamburg <sup>+</sup>	92
Monacó	92
An Ísiltír <sup>+</sup>	92
An Nua-Shéalainn	100
An Iorua	101
An Pholainn*	94
An Phortaingéil <sup>+</sup>	92
An Rómáin*	92
Cónaidhm na Rúise*	100
An tSlóvaic*	92
An tSlóivéin*	92
An Spáinn <sup>+</sup>	92
An tSualainn <sup>+</sup>	92
An Eilvéis	92
An Úcráin*	100
An Ríocht Aontaithe <sup>+</sup>	92
Stáit Aontaithe Mheiriceá (neamhbhainteach)	93

\*Tíortha, a bhí san iar-bhloc Sóivéadach tráth, agus i mbun an aistrithe chuig geilleagar margaidh.

+ Féach leathanach 7 le haghaidh sonraí um an comhaontú comhroinnte dualgas ag tíortha an AE-15.



## Iarscríbhinn 3 den Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012: Arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2007)

### IARSCRÍBHINN 3 – BEARTAS NÁISIÚNTA DO CHEANNACHÁN AONAD KYOTO AG AN STÁT

CREAT BEARTAIS NÁISIÚNTA DO CHEANNACHÁN AONAD KYOTO AG AN STÁT CHUN CRÍCHE GÉILLIÚLACHTA LE PRÓTACAL KYOTO SA TRÉIMHSE THIOMANTAIS 2008-2012

#### RÉAMHRÁ

Leagann an cháipéis seo amach na socruithe institiúide agus an comhthéacs beartais ina gceannóidh Éire go leor Aonad Kyoto<sup>40</sup> le cur ar a cumas a sprioc teorannaithe um astaíochtaí gáis cheaptha teasa a chomhlíonadh chun críocha Phrótacal Kyoto sa tréimhse thiomantais 2008- 2012.

#### CÚLRA

Chun críche Phrótacal Kyoto, tá Éire tiomanta do mheánleibhéal astaíochtaí bliantúla gáis cheaptha teasa a theorannú sa tréimhse 2008-2012 go dtí 13% os cionn leibhéil na bliana 1990.

Féadfaidh rannpháirtithe i bPrótacal Kyoto a gcuid spriocanna féin a chomhlíonadh trí ghníomhaíochtaí intíre agus úsáid a bhaint as na Meicníochtaí Solúbtha mar atá sonraith sa Phrótacal. Éilítear de réir an Phrótacail seo go mbeadh na Meicníochtaí Solúbtha in úsáid sa bhreis ar ghníomhaíochtaí intíre.

Tá creat beartais náisiúnta le dul i ngleic le laghdúithe ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 lena chinntiú go gcomhlíonann Éire a sprioc de réir Phrótacal Kyoto.

Chinn an Rialtas go mbainfí dh sé úsáid as Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto chun suas le 3.607 milliún Aonad Kyoto a cheannach do gach bliain idir 2008-2012. Déanfar athbhreithniú ar an riachtanas seo bunaithe ar réamh-mheastacháin a dhéanfar amach anseo agus ar thionchar aon bhearta breise a mbeidh sé mar aidhm leo astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú.

### MEICNÍOCHTAÍ SOLÚBTHA PHRÓTACAL KYOTO

Príomhghné de Phrótacal Kyoto ba ea tabhairt isteach trí Mheicníocht Sholúbtha chun laghdú a dhéanamh ar chostais fhoriomlána i ndáil le laghdúithe astaíochta a bhaint amach do na Páirtithe sin a bhfuil spriocanna laghdaithe nó teorannaithe astaíochta acu. Tá cur síos i leith na meicníochtaí sin - Cur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach, an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta agus Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí – le fáil anseo thíos. Cuireann na meicníochtaí seo ar chumas na bPáirtithe Aonaid Kyoto a cheannach ó Páirtithe eile nó infheistiú a dhéanamh i ndeiseanna costéifeachtacha chun astaíochtaí a laghdú nó chun ceapadh a mhéadú trí thionscadail i dtíortha eile. Ainneoin go bhfuil éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa chostas a bhaineann le hastaíochtaí a laghdú i dtionscadail agus i dtíortha éagsúla, tá an fonn atá ar rannpháirtithe astaíochtaí a theorannú mar a chéile beag beann ar an áit atá i gceist.

**Cur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach (JI):** dá bhforáiltear faoi Airteagal 6 den Phrótacal, ag cur ar chumas Páirtithe a bhfuil tiomantais laghdaithe acu nó infheisteoirí príobháideacha tionscadail a chur i bhfeidhm a laghdaíonn astaíochtaí i bPáirtithe eile le tiomantais laghdaithe acu, mar mhalairt ar chreidmheasanna. Féadfaidh an Páirtí infheistíochta nó aonán príobháideach na creidmheasanna a chruthaítear trí úsáid a bhaint as an mheicníocht JI a úsáid (go háirithe mar chuid de Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí) chun críocha géilliúlachta. Is Aonad Laghdúithe Astaíochtaí (ERU) é an t-aonad intrádála faoin meicníocht JI.

**Meicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM):** dá bhforáiltear faoi Airteagal 12 den Phrótacal, ag cur ar chumas Páirtithe a bhfuil spriocanna acu páirt a ghlacadh i dtionscadail chun astaíochtaí a laghdú nó cur le ceapadh i measc na bPáirtithe sin nach bhfuil spriocanna ar bith acu faoin bPrótacal. Tá an mheicníocht dírithe go príomha ar thíortha i mbéal forbartha agus tá sé i gceist léi cabhrú leo forbairt inbhuanaithe a bhaint amach trí, mar shampla, rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí níos glaine nó níos tiosaí ar fhuinneamh. Féadfaidh an Páirtí infheistíochta nó an t-aonán príobháideach úsáid a bhaint as na creidmheasanna a chruthaítear trí úsáid a bhaint as meicníocht CDM chun críocha géilliúlachta. Is Laghdú Astaíochtaí Deimhnithe (CER) é an t-aonad intrádála faoin meicníocht CDM.

<sup>40</sup> Creidmheas nó ceadúnas, arb ionann é agus tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin, eisithe de bhua Phrótacal Kyoto agus cinntí glactha de bhua Chreat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Phrótacail. Is ionann creidmheas agus tona amháin de dhé-ocsaíd charbóin a bhfuiltear tar éis fáil réidh leis cheana féin. Is ionann ceadúnas agus an ceart chun an tona coibhéiseach de dhé-ocsaíd charbóin a astú am éigin amach anseo.

# AGUISÍN 2 (AR LEAN)

**Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí:** dá bhforáiltear faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto,<sup>41</sup> ag cur ar chumas Páirtithe a bhfuil sprioc teorannaithe nó laghdaithe astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoin bPrótacal chun Aonaid Kyoto a fháil ó na Páirtithe sin a bhfuil a gcuid astaíochtaí laghdaithe acu sa bhreis ar an sprioc dá gcuid sonraíthe faoin bPrótacal. Is Aonad den Mhéid Sannta (AAU) é an t-aonad intrádála faoi thrádáil astaíochtaí.

## POINTE FÓCAIS NÁISIÚNTA LE HAGHAIDH JI AGUS ÚDARÁS NÁISIÚNTA LE HAGHAIDH CDM

Tá dualgas ar Pháirtithe faoi Phrótacal Kyoto Pointe Fócais agus Údarás Náisiúnta a ainmniú chun críche meicníochtaí JI agus CDM faoi seach. Faoi Rialacháin (um Shásraí Solúbtha) Phrótacal Kyoto 2006 (I.R. 244 de 2006), tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ainmnithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil mar Phointe Fócais agus Údarás Náisiúnta in Éirinn. Is é an ról a bheidh ag an nGníomhaireacht ná rannpháirtíocht na n-aonán príobháideach nó poiblí i ngníomhaíochtaí tionscadail JI nó CDM a fhaomhadh. Foilseoidh an Gníomhaireacht treoirlínte ina sonrúf a chuid nósanna imeachta faofa le haghaidh rannpháirtíochta ag aonáin Éireannacha i dtionscadail JI agus CDM. Beidh cinntí a dhéanfaidh an Gníomhaireacht maidir le tograí aonair chun páirt a ghlacadh i dtionscadail JI nó CDM críochnaitheach. Ní mór faomhadh a lorg do thionscadail sa tír aíochna beartaithe freisin.

## BUNÚ CLÁRLAINNE FAOI PHRÓTACAL KYOTO

De réir cinntí ar ghlac Páirtithe Phrótacal Kyoto leo, déantar foráil i Rialacháin 2006 (I.R. 244 de 2006) i ndáil le bunú clárlainne náisiúnta agus ainmniú na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil mar riarthóir na clárlainne náisiúnta. Is í an fheidhm atá leis an gclárlann náisiúnta ná a chinntiú go bhfuil cuntasáíocht bheacht á déanamh ar eisiúint, sealbháíocht, aistriú, fáil, cealú agus scor na nAonad Kyoto.

## GNÍOMHAIRE NÁISIÚNTA CEANNAIGH

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta gníomhaire ceannaigh ainmnithe an Stáit agus beidh an Gníomhaireacht freagrach as ceannacháin na nAonad Kyoto a riar agus a bhainistiú thar ceann an Rialtais. Táthar tar éis Ciste Carbóin saincheaptha a bhunú chuige seo.

Bunaítear ról na Gníomhaireachta mar ghníomhaire ceannaigh ar bhonn reachtúil faoi Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Foráiltear san Acht go mbeidh an gníomhaire ceannaigh freagrach as na feidhmeanna ar fad a bhaineann le bainistiú an Chiste Carbóin a chur i gcrích, lena n-áirítear cuntasáíocht chuí ar chaiteachas ag féachaint do nósanna imeachta airgeadais phoiblí, faoi réir treoirlínte agus/nó treoir ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

## MAOINIÚ UM CHEANNACH AONAD KYOTO

Soláthrófar maoiniú um cheannach Aonad Kyoto ón Lárchiste don Chiste Carbóin, a bunaíodh faoi Acht 2007 freisin. Le linn an phróisis mheastacháin bhliantúil, déanfar foráil i Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun aisiocaíocht a dhéanamh leis an Lárchiste.

Tá €270 milliún geallta ag an Rialtas le hinfheistiú sna Meicníochtaí Solúbtha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Tá sé seo sa bhreis ar infheistiú bhunúsach de chuid €20m in 2006.



<sup>41</sup> Tá trádáil astaíochtaí faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto leithleach ó Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí. Féadfaidh oibreoirí i Scéim an AE, áfach, úsáid a bhaint as creidmheasanna ó na meicníochtaí JI nó CDM um ghéilliúlacht lena gcuid oibleagáidí suas le céatadán dá leithdháileadh, atá le sonrú sa Plean Leithdháilte Náisiúnta don Bhallstát ábhartha.

# AGUISÍN 2 (AR LEAN)

## CREAT UM CHEANNACHÁN AONAD KYOTO

Ceannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto thar ceann an Stáit. Déanfar ceannacháin uile i gcomhréir leis na cuspóirí seo a leanas:

- go gcuireann siad le cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, .i. cobhsú comhchruinnithe gáis cheaptha teasa san atmaisféar ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach sa chóras aeráide;
- go bhfuil riosca á mhaolú, go háirithe i ndáil le seachadadh tráthúil creidmheasanna; agus
- go léiríonn siad luach maith ar airgead.

Féadfaidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- ceannachán díreach Aonaid Kyoto ó Pháirtithe Iarscríbhíne B eile de Phrótacal Kyoto;
- infheistíocht dhíreach i ngníomhaíochtaí tionscadail um chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach agus um meicníocht glanfhorbraíochta;
- infheistíocht i gcistí bainistithe; agus
- ceannacháin margaidh díriúil um Aonaid Kyoto;

nó meascán de chuid acu seo nó iad uile, faoi réir a chinntiú go bhfuil na nithe seo a leanas i gcomhréir le cinníí arna nglacadh ag Páirtithe de Phrótacal Kyoto:

- go bhféadfar aon fharasbarr d'Aonaid Kyoto atá fágtha ag an Stát ag deireadh na tréimhse tiomantais 2008-2012 a chur sa bhanc agus a úsáid i dtréimhse thiomantais iarteachtach de Phrótacal Kyoto nó aon chonradh a chuirtear i bhfeidhm ina dhiaidh sin; agus
- nach n-úsáideann Éire aonaid laghdaithe astaíochtaí nó laghdaithe astaíochta deimhnithe ginte ó áiseanna núicléacha, d'fhonn a cuid tiomantas Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag féachaint do na cuspóirí thuasluaite, páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe déthaobhacha ar mhaithe le hAonaid Kyoto a ghnóthú de bhun Airteagal 17 den Phrótacal. Féadfaidh an tAire treoir a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun Aonaid Kyoto a d'fhéadfadh a bheith ar fáil de bhun a leithéid sin de chomhaontuithe a cheannach.

Faoi réir treorach eile a fháil ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, féadfaidh an Ghníomhaireacht Aonaid Kyoto a dhíol má tá a leithéid riachtanach d'fhonn comhlíonadh na gcinníí ar ghlacadh leo de bhun Phrótacal Kyoto chun cuntas a thabhairt ar mhéideanna sannta faoi Airteagal 7, mír 4 den Phrótacal a chinntiú.

Clárófar gach Aonaid Kyoto a cheannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta sa chlárann náisiúnta a bheidh á bainistiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Coinneoidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuntas ar na hAonaid Kyoto a chuirtear sa chlárann náisiúnta d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh gealltanais na hÉireann chun críocha Phrótacal Kyoto.

Is ionann an creat beartais seo agus treoir tosaigh ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

## Aibreán 2007



# AGUISÍN 3

## MEICNÍOCHTAÍ SOLÚBTHA

Cuid lárnach de Phrótacal Kyoto iad na Meicníochtaí Solúbtha mar gheall go bhfuil an buntáiste céanna don chomhshaol ag laghdúithe astaíochtaí is cuma cá laghdaítear iad. Dá bhrí sin, féadfaidh tíortha a gcuid spriocanna a bhaint amach trí ranníocaíochtaí a dhéanamh nó íoc as an laghdú ar astaíochtaí carbóin i dtíortha eile. Cuidíonn na meicníochtaí leis an gcostas is ísle chun astaíochtaí a laghdú a shainaithint agus mar sin an sprioc fhoriomlán a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh eacnamaíochta de. Cuireann siad chun cinn aistriú na teicneolaíochta is déanaí chuig tíortha i mbéal forbartha chomh maith.

Is iad seo a leanas na Meicníochtaí Solúbtha:

(1) an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM), trínar féidir úsáid a bhaint as creidmheasanna gnóthaithe ó urraíocht a dhéanamh ar thionscadaí um laghdú astaíochtaí i dtíortha i mbéal forbartha d'fhonn oibleagáidí Kyoto na n-urraitheoirí a laghdú ina dtír féin. Laghdúithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna) iad na creidmheasanna seo;

(2) an Mheicníocht um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JI), faoina gcuireann tír larscríbhinne B tionscadal i bhfeidhm i dtír eile atá luaite in larscríbhinn B.<sup>42</sup> Aonaid Laghdaithe Astaíochtaí (ERUanna) iad na creidmheasanna a thuilltear sa tslí sin; agus

(3) Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí trínar féidir le tíortha creidmheasanna carbóin a fháil ó thíortha eile a bhfuil a n-astaíochtaí faoi sprioc an Phrótacail. Is Aonad den Mhéid Sannta (AAU) é an t-aonad intrádála. Is iad AAUanna na haonaid a leithdháiltear ar gach Rialtas faoi Phrótacal Kyoto a léiríonn leibhéal iomlán na n-astaíochtaí atá ceadaithe do thír ar leith. Is lamháltais astaíochtaí iad Lamháltais an Aontais Eorpaigh (EUAanna) a leithdháiltear ar na suiteálacha a ghlacann páirt i Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí agus tá siad mar chuid den leithdháileadh foriomlán AAUanna do gach tír san AE-15.

Is ionann CERanna, ERUanna agus AAUanna agus tona amháin d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus féadfar iad a thabhairt ar ais i gcomhlíonadh oibleagáidí Phrótacail Kyoto. Tagraítear dóibh seo ar fad mar Aonaid Kyoto chun críocha an Achta um an gCiste Carbóin 2007. Is féidir teacht ar shonraí na margaidh Meicníochtaí Solúbtha a fháil i dTuarascáil an Chiste Carbóin 2012.

<sup>42</sup> Féach Fonóta 3 agus Aguisín 1 le haghaidh sonraí ar thíortha larscríbhinne B.

# GLUAIS NA dTÉARMAÍ

<b>AAUanna</b>	féach Aonaid den Mhéid Sannta.
<b>(AAUanna) den Mhéid Sannta</b>	Is iad seo na haonaid a leithdháiltear ar gach tír in Iarscríbhinn B, arb ionann iad agus an leibhéal iomlán astaíochtaí a cheadaítear do thír faoi Phrótacal Kyoto.
<b>Aonaid Astaíochtaí</b>	Is ionann na haonaid astaíochtaí ar fad faoi Phrótacal Kyoto agus tona amháin de Dhé-ocsaíd Charbóin astaithe.
<b>Aonaid Kyoto</b>	Aonad astaíochtaí atá cothrom le tona amháin CO <sub>2</sub> astaithe.
<b>Aonaid Laghdaithe Astaíochta (ERUanna)</b>	Creidmheasanna carbóin táirgthe tríd an Meicníocht um Chur chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach
<b>Bolgán</b>	Comhscéim do thíortha atá ceadaithe faoi Phrótacal Kyoto. Féach an Comhaontú Comhroinnte Dualgas.
<b>Bord Feidhmiúcháin (CDM EB)</b>	Cláraíonn CDM EB gníomhaíochtaí tionscadail bailíochtaithe cosúil le tionscadail CDM, eisíonn sé Laghduithe Astaíochta Deimhnithe chuig rannpháirtithe ábhartha tionscadail agus bainíonn sé sraith painéal teicniúil agus cruinnithe grúpaí oibre. Tuairiscíonn sé do Chomhdháil na bPáirtithe faoi Phrótacal Kyoto.
<b>Breisíocht</b>	Coincheap tábhachtach faoi Phrótacal Kyoto. Is ó thionscadail JI agus CDM amháin a eiseofar aonaid dheimhnithe sa chás gurb ionann laghduithe astaíochtaí agus “laghduithe sa bhreis ar a bheadh i gceist sa ghnáthchúrsa”.
<b>CERanna</b>	Féach Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe.
<b>CDM</b>	Féach Meicníocht Ghlanfhorbraíochta.
<b>Cinneadh maidir le comhroinnt díchill</b>	An cinneadh a rinne Ballstáit an AE in 2009 maidir leis an dóigh a ndéanfaí an laghdú 10% i gcoibhneas le 2005 faoi 2020 a roinnt amach idir na Baillstáit. Is é Leithdháileachán Bliantúil Astaíochtaí (AEA) an t-aonad cuntais faoin gCinneadh seo.
<b>Coibhéisí CO<sub>2</sub> (CO<sub>2</sub>e)</b>	Sa chás go dtagraítear do gháis eile seachas CO <sub>2</sub> , ar mhaithe le comparáid a dhéanamh déantar iad a thiontú ina gcoibhéis i bPoitéinseal Téamh Domhanda (GWP) le CO <sub>2</sub> .
<b>Comhaontú Comhroinnte</b>	Comhaontú an AE-15 chun a gcuid oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh i dteannta a chéile trí úsáid a bhaint as an “mbolgán” a cheadaítear in Airteagal 4 den Phrótacal. Faoi théarmaí an chomhaontaithe comhroinnte dualgas, tá sprioc shonrach le haghaidh astaíochtaí carbóin ag gach Ballstát.
<b>Comhchoiste Maoirseachta um Cur chun feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JI)</b>	Meicníocht sholúbtha le haghaidh aistriú na lamháltas astaíochtaí ó thír Iarscríbhinn B amháin go tír Iarscríbhinn B eile. Cruthaíonn JI creidmheasanna bunaithe ar thionscadail laghdaithe astaíochtaí a mbíonn laghduithe cainníochtaithe astaíochtaí mar thoradh orthu. Déanann an comhlacht seo maoirseacht ar fhíorú na ERUanna arna gcruthú ag tionscadail JI.
<b>Comhdháil na bPáirtithe (COP)</b>	Is ardchomhlacht de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) í an COP a thagann le chéile gach bliain.
<b>COP</b>	Féach Comhdháil na bPáirtithe.

# GLUAIS NA DTÉARMAÍ (AR LEAN)

<b>Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)</b>	Bunaíodh UNFCCC i 1992 ag an gCruinniú Mullaigh i Rio de Janeiro. Is é seo an creat foriomlán atá mar bhonn le hidirbheartaíochtaí idirnáisiúnta aeráide a threorú. Is é an príomhchuspóir atá leis ná “comhchruinnithe gáis cheaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ag leibhéal a chuirfidh cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach (saorga) sa chóras aeráide”.
<b>Deimhnithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna)</b>	Creidmheasanna carbóin a tháirgtear tríd an Meicníocht Ghlanfhorbraíochta.
<b>ERU</b>	Féach Aonaid Laghdaithe Astaíochta.
<b>EUAanna</b>	Féach Lamháltas an Aontais Eorpaigh.
<b>EU ETS</b>	Féach Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí.
<b>JI</b>	Féach Cur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach.
<b>JISC</b>	Féach Comhchoiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach.
<b>Lamháltas an Aontais Eorpaigh (EUAanna)</b>	Leithdháiltear creidmheasanna ar chuideachtaí san EU ETS. Tagann na creidmheasanna seo ó AAUanna de chuid tír ar leith.
<b>Meicníocht Ghlanfhorbraíochta</b>	Ceann de na Meicníochtaí Solúbtha atá ceadaithe faoi Phrótacal Kyoto. Cruthaíonn an
<b>Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta</b>	creidmheasanna carbóin trí urrú a dhéanamh ar thionscadail laghdaithe gáis cheaptha teasa i dtíortha i mbéal forbartha.
<b>Meicníochtaí Solúbtha</b>	Na Meicníochtaí Solúbtha dá bhforáiltear faoi Phrótacal Kyoto, .i. Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí, Cur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach agus an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta.
<b>Poitéinseal Téamh Domhanda (GWP)</b>	D’fhonn na gáis cheaptha teasa éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile, déantar astaíochtaí a ríomh thar gnáth-thréimhse ama ar mhaithe le tomhas maidir lena n-éifeacht choibhneasta teasa san atmaisféar a thabhairt. Go ginearálta úsáidtear tréimhse ama 100 bliain. Is é CO <sub>2</sub> an bunaonad.
<b>Prótacal Kyoto</b>	An Prótacal leis an gCreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide a comhaontaíodh in Kyoto, sa tSeapáin i mí na Nollag 1997 agus a tháinig i bhfeidhm ar 16 Feabhra 2005. Sonraítear ann oibleagáidí astaíochtaí le haghaidh tíortha Iarscríbhinn B agus sonraítear ann freisin trí Mheicníocht Sholúbtha Kyoto: JI, CDM, agus Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí.
<b>Tíortha Iarscríbhinn B</b>	Tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn B de Phrótacal Kyoto. Baineann tíortha Iarscríbhinn B le gealltanais channíochtaithe maidir le hastaíochtaí a theorannú nó a laghdú (féach Aguisín 1)
<b>Trádáil astaíochtaí</b>	I gcomhthéacs Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí nó Meicníochtaí Solúbtha de chuid Prótacail Kyoto, tagraíonn sé seo do dhíolachán agus do cheannachán lamháltas chun líon sonrach gáis cheaptha teasa a astú nó creidmheasanna arb ionann iad agus líon gáis cheaptha teasa atá astaithe cheana féin.
<b>Scéim an AE maidir le Trádáil</b>	Scéim “Teorannaithe agus Trádála” laistigh den AE-15 le haghaidh na mórúidair astaíochtaí truaillithe.





# RÁITIS AIRGEADAIS AN CHISTE CARBÓIN

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	23
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	24
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	26
Beartais Chuntasaíochta	27
Cuntas an Chiste	29
Ráiteas na nGlansócmhainní	30
Nótaí leis na Cuntais	31

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Éilíonn an tAcht um an gCiste Carbóin, 2007 ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil le hoibríochtaí an Chiste Carbóin le haghaidh gach bliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, tugann an Ghníomhaireacht faoi:

- beartais chuntasaíochta chúí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas cúí agus gnách a choinneáil ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a fhaomhadh le comhthoil an Aire Airgeadais, maidir lena feidhmíocht de na feidhmeanna tarmligthe nó bronnta uirthi faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht a leithéid de chuntais agus a leithéid d'fhaisnéis i ndáil lena leithéid de chuntais don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil pé uair a iarrfar a leithéid uirthi, mar a d'fhéadfadh sé siúd a shonrú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh de láimh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## FREAGRACHT AS AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Gníomhaireacht”) bainisteoir an Chiste Carbóin (“an Ciste”). Cuireann an Gníomhaireacht na córais um rialú inmheánach airgeadais don Chiste i bhfeidhm.

Admhaíonn an Gníomhaireacht an fhreagracht atá uirthi as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil i dtaca le feidhmiú an Chiste.

Ní féidir le córais na Gníomhaireachta ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar mhodh tráthúil.

## PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Tá céimeanna glactha de láimh ag an mBainisteoir chun timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú;

Bhunaigh an Gníomhaireacht próisis chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí:

- nádúr, fairsinge agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a aithint;
- an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas na heagraíochta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú a mheas;
- na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a fheidhmiú a mheas i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat faisnéis bainistíochta rialta agus nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear air go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadaithe lena bhfuil buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an bPríomhfheidhmeannach agus an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte um rialú infheistíochtaí caipitil atá sainithe go soiléir;
- smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail;
- glacadh beartas Frithchialaoise agus an Tuairisciú ar ‘Éagóiritheoireacht’ agus an Bheartais um Nochtadh Cosanta (ar a thugtaí an Beartas Tuairiscithe um Meon Macánta roimhe seo).

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAÍ (ar lean)

Tá Coiste Iniúcháireachta ag an nGníomhaireacht a fheidhmíonn de réir na bprionsabal sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na Gníomhaireachta. Cuirtear bonn eolais faoi obair an iniúchta inmheánaigh le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Comhaontaítear na pleananna iniúchta inmheánaigh leis an bPríomhfheidhmeannach agus le lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus faomhann Coiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta iad. Ar bhonn rialta, soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh tuarascálacha maidir leis an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus do Choiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta. Tugtar breac-chuntas sna tuarascálacha sin maidir le torthaí nó moltaí ar bith i dtaca le rialuithe inmheánacha ar a ndearnadh athbhreithniú. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne na moltaí agus déantar é a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta.

Tá Cód Cleachtais ag an nGníomhaireacht maidir le Rúndacht agus Iompar Gairmiúil ina leagtar amach na caighdeáin chomhaontaithe um prionsabail agus um chleachtas i ndáil le rúndacht, coinbhleachtaí leasa, déileáil chos istigh, ionramháil margaidh agus idirbhearta cuntas pearsanta.

Tá creat cuí curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht lena chinntiú go gcloíonn sí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreat seo, tá córais agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun rochtain ar na sonraí rúnda a shrianadh. Faoin gcreat, sa chás go dtagann an Gníomhaireacht ar shárúithe nó ar shárúithe líomhnaithe ar sonraí rúnda, déantar imscrúdú iomlán orthu sin agus más gá déantar iad a thuairisciú do na húdaráis chuí.

Cuireann an lucht bainistíochta laistigh den Gníomhaireacht a bhfuil an fhreagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, na torthaí ó obair na feidhme iniúchta inmheánaigh agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go ndearna comhaltaí na Gníomhaireachta, agus comhairle glactha acu ó Choiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Martin Murphy, Cathaoirleach, an Coiste Iniúcháireachta**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## AN CISTE CARBÓIN

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas an Chiste, an Ráiteas Glansócmhainní agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 5 den Acht, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn.

## FREAGRACHTAÍ UM GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA (AN GHNÍOMHAIREACHT)

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Chiste agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaihteáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh Chaighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## SCÓIP AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fi anaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaíocht nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí an Chiste, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fi anaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta. Lena chois sin, léim an tuarascáil bhliantúil i ndáil leis an gCiste chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais don Chiste a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

## TUAIRIM I LEITH NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaite de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn, léargas cruinn agus chothrom ar staid ghnóthaí an Chiste ag 31 Nollaig 2014 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain 2014.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeáda ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

## NITHE A DTUAIRISCÍM DE RÉIR EISCEACHTA ORTHU

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- má tugadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis ar an gCiste comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara don Chiste, nó
- más rud é gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscím de réir eisceachta orthu.

*Seamus McCarthy*

**Seamus McCarthy**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
15 Meitheamh 2015

---

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

---

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007 i ndáil le gnóthú Aonaid Kyoto agus aon ionstraimí nó sócmhainní eile dá leithéid thar ceann an Stáit chun freastal ar oibleagáidí idirnáisiúnta an athraithe aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide 1992 agus Prótacal Kyoto na bliana 1997 leis an gCoinbhinsiún sin. Táthar tar éis Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a cheapadh mar nGníomhaire Ceannaigh thar ceann an Stáit agus déanann sí ceannacháin na nAonad Kyoto a riar agus a bhainistiú.

Féadfaidh an Gníomhaireacht úsáid a bhaint as na meicníochtaí seo a leanas chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- ceannachán díreach Aonaid Kyoto ó pháirtithe eile de Phrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail um Chur Chun Feidhme Comhpháirteach agus um Meicníocht Ghlanfhorbraíochta
- infheistíocht i gcistí bainistithe
- ceannacháin margaidh dhírigh um Aonaid Kyoto.

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta ar leith atá glactha de lámh i ndáil leis an gCiste Carbóin:

## Bunús an Ullmhúcháin

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an Acht um an gCiste Carbóin, 2007 i bhformáid faofa ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, le toiliú an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar ghlan sócmhainní an Chiste Carbóin.

## Tréimhse Tuairiscithe

Téann an tréimhse tuairiscithe ó 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014. Sa tréimhse tuairiscithe inchomparáide don bhliain 2011 clúdaítear ó 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2013.

## Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro, arna léiriú ag an siombail €, an t-airgeadra tuairiscithe.

1 Sainmhínítear Aonad Kyoto san Acht um an gCiste Carbóin, 2007 mar “aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinntí arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto”. Is iondúil go dtagraítear d’Aonaid Kyoto mar chreidmheasanna carbóin. Ní cheadaíonn an reachtaíocht do dhiúscairt Aonaid Kyoto ach faoi choinníollacha fíorshainiúla .i. “le toiliú an Aire [Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil] agus an Aire Airgeadais agus ar cibé téarmaí a shonróidh siad”.

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

## Sócmhainní an Chiste Carbóin

Léiríonn an Ciste Carbóin infheistíochtaí iontu seo a leanas:

### Sealúchais Dhíreacha

Déantar Aonaid Kyoto a gceannaítear a thaifeadh ag tráth seachadta ar chostas gnóthaithe. Áiríonn an costas gnóthaithe Cáin Bhreisluacha íochta agus iníochta i ndáil le ceannachán na nAonad Kyoto.

### Aonaid Kyoto indíreacha

Déantar infheistíochtaí in ionaid neamhdhíreacha i gcistí bainistithe. Taifeadh infheistíochtaí sna cistí sin ag costas na n-infheistíochta. Baineann infheistíochtaí dá leithéid le tionscadail um laghdú carbóin ina bhféadfaí nó nach bhféadfaí Aonaid Kyoto a tháirgeadh. Ní bheidh a fhios cad é líon iomlán na n-aonad, más ann dóibh, go dtí dáta amach anseo nuair a bheidh na tionscadail curtha i gcrích.

D'infheistigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €20 milliún in 2006 i gCiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin arna bhunú ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht sin mar chuid den chiste ach áirítear na haonaid táirgthe ag tionscadail glactha de lámh anseo de réir mar a mhínítear i Nóta 3(d).

## Gnóthachain agus Cailteanais ar Shócmhainní an Chiste Carbóin

Gnóthaítear na hAonaid Kyoto agus é ar intinn oibleagáid na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh, sa tréimhse tiomantais 2008 go 2012. Déanfar an cinneadh i leith cibé an ngéillfear suas aon cheann de na hAonaid ceannaithe nó iad ar fad, don tréimhse sin a chomhaontú i gcomhréir le taobh foirmiúil an phróisis chuntasaíochta um thréimhse tiomantais chun críocha Phrótacal Kyoto. Faoi réir coinníollacha ar leith, féadfar creidmheasanna neamhúsáidte a thabhairt anonn le tiomantais 2020 na hÉireann a bhaint amach. Ní eascróidh aon ghnóthachain nó aon chailteanais réadaithe mar thoradh ar ghéilleadh na sócmhainní seo.

## Cuntas an Chiste

Taifeadtar an t-ioncam carntha a fhaightear nó atá infhaighte ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa Chuntas Cistí. Maoinítear infheistíochtaí ar dtús trí réamhíocaíochtaí ón gCiste Lárnach faoi alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007 ar feitheamh an t-ioncam seo a fháil.

## Airgeadra Coigríche

Déantar gach idirbheart in airgeadraí eachracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dháta idirbheart dá leithéid. Déantar ceangaltais neamh-mhaoinithe hinfeistíochtaí neamh-euro a aistriú go euro ag úsáid na rátaí malairte eachtraí a bhíonn i réim ar dháta dheireadh na bliana.

## Cánachas

Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhairte ó cháin chorparáide na hÉireann. Tá ceannach Aonaid Kyoto ag an gCiste Carbóin faoi dhliteanas Cáin Bhreisluacha agus dá bhrí sin breathnaítear ar idirbhearta mar sholáthar seirbhíse arna shainiú in Alt 5(1) den Acht Cánach Breisluacha 1972. Áirítear CBL a thabhaítear i gcostas éadála shócmhainní an Chiste Carbóin.

# CUNTAS AN CHISTE

	Nóta	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2013 €
Ioncam	1	-	-
Gluaiseacht sa Chiste le linn na bliana		-	-
Glansócmhainní an Chiste ag tús na bliana		99,284,138	99,284,138
<b>Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana</b>		<b>99,284,138</b>	<b>99,284,138</b>

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015



# RÁITEAS NA NGLANSÓCMHAINNÍ

	Nóta	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2013 €
Sócmhainní an Chiste Carbóin	3	99,284,138	99,284,138
Sócmhainní Reatha		-	-
Airgead Tirim sa Bhanc		-	-
Dlíteanais Reatha		-	-
<b>Glansócmhainní an Chiste</b>		<b>99,284,138</b>	<b>99,284,138</b>

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. Ioncam

Faigheann an Ciste Carbóin ioncam i bhfoirm aisíocaíochtaí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun íoc as an gcaiteachas a thabhaítear le linn na bliana. Toisc nach raibh caiteachas ar bith ann le linn na bliana, níl gá le haisíocaíocht

## 2. Costais Riaracháin

Gearrtar costais riaracháin an Chiste Carbóin ar Chuntas Riaracháin na Gníomhaireachta agus íoctar amach as an gCiste Lárnach iad.

## 3. Sócmhainní an Chiste Carbóin

(a) Achoimre ar na Sócmhainní

	2014 €	2013 €
Sealúchais Dhíreacha	89,573,025	89,573,025
Sealúchais Neamhdhíreacha	9,711,113	9,711,113
	<u>99,284,138</u>	<u>99,284,138</u>

(b) Anailís de réir Airgeadra na hÉadála

	2014 €	2013 €
Euro	93,673,025	93,673,025
Dollar SAM	5,611,113	5,611,113
	<u>99,284,138</u>	<u>99,284,138</u>

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

(ar lean)

## 3. Sócmhainní an Chiste Carbóin (ar lean)

(c) Sealúchais Neamhdhíreacha:

	2014 €	2013 €
An Banc Domhanda – Ciste Carbóin don Eoraip	4,100,000	4,100,000
An Banc Domhanda – An Ciste Bithcharbóin	5,611,113	5,611,113
	<u>9,711,113</u>	<u>9,711,113</u>

(d) Creidmheasanna arna Seachadadh agus arna Sealbhú:

Líon na gcreidmheasanna carbóin arna seachadadh agus arna sealbhú le Clárann Aontais an Choimisiúin Eorpaigh amhail an 31 Nollaig:

	2014	2013
Ceannaithe go Díreach	5,255,000	5,255,000
Faighte trí Shealúchais Neamhdhíreacha	3,099,020	2,956,828
	<u>8,354,020</u>	<u>8,211,828</u>

Baineann 2,889,089 (2013: 2,746,897) aonad de na 8,354,020 (2013: 8,211,828) aonad arna sealbhú an 31 Nollaig 2014 le creidmheasanna a fuarthas trí infheistíochtaí a rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sular bunaíodh an Ciste Carbóin.

(e) Géilleadh Creidmheasanna:

Sealbhaítear na haonaid atá sealbhaithe sa Chiste Carbóin ag praghsanna stairiúla toisc nach sealbhaítear na haonaid sin chun críche trádála ach ní mór iad a chur isteach mar chuid de Ghéilliúlacht na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto. Níor tugadh chun críche fós an ceanglas deireanach maidir le haonaid a ghéilleadh i dtaca leis an bPrótacal agus ina theannta sin tá sé tuartha go gcuirfear tuilleadh aonad isteach sa Chiste. D'fhéadfaí cuid de na haonaid a iompar anonn go dtí an chéad tréimhse gealltanais eile. Níl aonaid eile bailí ach ar feadh tréimhse ama faoi leith. Tabharfar tosaíocht géillte don chineál deireanach sin d'aonaid Creidmheasanna Carbóin.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

(ar lean)

## 4. Ceangaltais

### Infheistíochtaí an Chiste Carbóin

Riarann an Ghníomhaireacht íocaíochtaí thar ceann an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca leis an dá chiste de chuid an Bhainc Dhomhanda. Baineann infheistíochtaí sna cistí sin leis na tionscadail as a bhféadfadh Aonaid Kyoto teacht ach ní bheidh fios cá mhéad aonaid ar fad a bheidh ann go dtí dáta amach anseo nuair a bheidh na tionscadail curtha i gcrích.

Amhail an 31 Nollaig 2014, ba ionann na ceangaltais neamhghlaoite maidir leis na hinfeistíochtaí sin agus:

Ciste an Bhainc Dhomhanda	Ceangaltas iomlán an Stáit			
	Airgeadra Áitiúil €	Coibhéis Euro €	Íochta go dtí seo €	Ceangaltas Neamhchistithe €
Ciste Carbóin don Eoraip	€4.26m	4,263,000	4,100,000	163,000
An Ciste Bithcharbóin	US\$10.08m	7,522,737	5,611,113	1,911,624
		<u>11,785,737</u>	<u>9,711,113</u>	<u>2,074,624</u>

Amhail an 31 Nollaig 2013, ba ionann na ceangaltais neamhghlaoite maidir leis na hinfeistíochtaí sin agus:

Ciste an Bhainc Dhomhanda	Ceangaltas iomlán an Stáit			
	Airgeadra Áitiúil €	Coibhéis Euro €	Íochta go dtí seo €	Ceangaltas Neamhchistithe €
Ciste Carbóin don Eoraip	€5.26m	5,263,000	4,100,000	1,163,000
An Ciste Bithcharbóin	US\$10.08m	7,294,023	5,611,113	1,682,910
		<u>12,557,023</u>	<u>9,711,113</u>	<u>2,845,910</u>

Le linn 2014, laghdaíodh ceangaltas an Stáit don Ciste Carbóin don Eoraip €1m ó €5.26m go €4.26m.

Ní raibh glao ar bith ar chistí faoin gCiste Carbóin don Eoraip nó faoin gCiste Bithcharbóin le linn 2014 nó 2013.

---

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

(ar lean)

---

## 5. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh dliteanais theagmhasacha ar bith sa Chiste Carbóin amhail an 31 Nollaig 2014.

## 6. Páirtithe gaolmhara

### (a) Aire Airgeadais

Faoi Alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead a réamhíoc leis an gCiste Carbóin ón Lárchiste, a chuitíonn an Ciste Carbóin ó airgead á chur ar fáil ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

### (b) Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, bainistíonn agus rialaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste Carbóin.

### (c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi Alt 2(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, tarmligeann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil bainistíocht an Chiste Carbóin ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Faoi Alt 8 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoracha nó treoirlínte a thabhairt do Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta maidir lena cuid feidhmíochta de na feidhmeanna tarmligthe nó bronnta uirthi faoin Acht.

## 7. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 26 Bealtaine 2015.

---

## NOTAÍ

---



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Áras an Chisteáin  
Sráid na Canála Móire  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

**TEIL** +353 1 238 4000  
**IDIRLÍON** [www.ntma.ie](http://www.ntma.ie)  
**R-PHOST** [info@ntma.ie](mailto:info@ntma.ie)